

An Tuiseal Ginideach Uatha

Athruithe ag Tús na bhFocal



Achoimre Dheich bPointe

1. Tarlaíonn athruithe ag túis na bhfocal nuair a chuirtear an focal sa T.G. Uatha.

2. Seo iad na rialacha a leanann ainmfhocail atá firinscneach sa T.G. Uatha:

Focal Firinscneach: Tús	Athruithe ag Tús na bhFocal
Consan	an + séimhiú
Guta	an + gan athrú
S	an + t

3. Seo iad na rialacha a leanann ainmfhocail atá baininscneach sa T.G. Uatha:

Focal Baininscneach: Tús	Athruithe ag Tús na bhFocal
Consan	na + gan séimhiú
Guta	na + h
S	na + gan t